# Guth Ghoill

Luach € 2.00


## Ros na Binne




**Déan teagmháil linn:**

**Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.**

**Fón: 074 9154830 Facs: 074 9154830 Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net**

# AN CLÁR


Ros na Binne 3

Daonáireamh Ros Goill 1911 6

Siopa Úr Mhic Nuadht 9

Na Dúnaibh... Cén Bhliain? 10
Imeachtaí na bPáistí

Féile Drámaíochta 11
Chéim Aniar

Fuil ar an Torc 12

Feadaímó 13

Na Spiairí ar an Chnoc Mhór 15

An Bealach 'na Bhaile 16

# Ros na Binne

*Ar leanstan*

## Tithe Coiteora Ros na Binne

**Teach Thuathail Sheáin Jack. (Tuathal Mac Suibhne).**



Sa tríú teach cois na farraige i Ros na Binne bhí cónaí ar Thuathal Mac Suibhne. Ba as Dumhaigh do Thuathal (Tuathal Sheáin Jack) agus bhí sé pósta ar Shíle Nic Pháidín nó Síle Enda, bean de mhuintir Enda as Dumhaigh fosta. Pósadh Tuathal agus a bhean Síle sa bhliain 1893 agus bhí duine amháin clainne acu, ba sin iníon a raibh Máire uirthi, nó Máire Rua mar ab fhearr aithne uirthi, a rugadh timpeall na bliana 1895. Bhí cónaí orthu i nGleann Rí sula bhfuair siad an teach i Ros na Binne. Pósadh ise ar Phádraig Mac Giolla Bhríde (Pádraig Eoin Chonchúir) as Cnoc na Marbh. Casfar Máire agus Pádraig dúinn arís mar go raibh cónaí orthu i ndiaidh a bpósta i dteach eile i Ros na Binne.

I ndiaidh a n-amsan tháinig Anton Duffy a chónaí sa teach. Bhí Antoin pósta ar Sarah Nic Giolla Bhríde, nó Sarah Mhór mar ab fhearr aithne uirthi, iníon de chuid Mhící Mhóir. Ba as Carraig Airt d'Antoin ó dhúchas agus ba é a fuair an post mar mháistir ar na 'caddies' (Caddymaster) i ndiaidh do Stephen Ó Sibhleáin (Stephen a' Pharthólán) an post a fhágáil 1960. Cha raibh clann ar bith dá gcuid fhéin acu agus rinne siad gasúr a uchtú (adopt), ba sin Terence agus is cinnte go raibh siad thar a bheith maith dó. Bhíodh pingeacha fá na pócaí ag Terence nuair nach mbíodh ag páistí eile agus leoga ba fhlaithiúil an stócach a bhí ann agus é ag éirí aníos.



*Antoin Duffy*



*Terrence Duffy*

Fuair Sarah Mhór bás sa bhliain 1960 agus Antoin sna seachtóidí. Dhíol Terence an teach agus tá sé pósta le clann thíos i gContae Shligigh. Is teach saoire atá ann anois.

**Teach Jack Bán/ Mhicí Jimí.**

Ar an taobh eile de theach Thuathal Sheáin Jack /Anton Duffy bhí teach Jack Bán Mac Laifeartaigh (Jack Bán Den Shéarlaí) an mac ba sine a bhí ag Den Shéarlaí Shorcha as Dumhaigh, deartháir de Hughie Den. Rugadh é timpeall na bliana 1865. Bhí seisean pósta ar bhean a raibh Máire Uí Shraotháin (Strain) uirthi agus ba seo an dara pósadh aicise, bhí sí pósta roimhe seo i nDroim Righin ar fhear de mhuintir Uí Shraotháin ach fuair seisean bás óg agus cha raibh clann ar bith acu. Pósadh Jack agus í fhéin sa bhliain 1898 agus tá sé le feiceáil ón daonáireamh go raibh sí dhá bhliain déag níos sine ná Jack. Ní raibh clann ar bith ag Jack Bán ná ag Máire ach oiread ach thóg siad girseach bheag a bhí muinteartha de Mháire, ba sín Gráinne Ní hOireachtaigh nó Gráinne Jack mar ab fhearr aithne uirthi ina dhiaidh seo. Bhí Gráinne ar dhuine de thripléid a rugadh sa bhliain 1894 do Dhonchadh Ó hOireachtaigh agus dona bhean Bidí Ginn (Ní Shiadhail) as Dumhaigh. Bhí cúigear clainne eile acu sular rugadh na tripléid, Micí (Micí Ginn), Madgie, Máire, John agus Dinis. Rugadh Aindí sa bhliain 1896 agus is cosúil go bhfuair Bidí bás a thabhairt 'un tsaoil. Rinneadh rud ansin a bhí mar





Na Tripléid, Gráinne, Maggie agus Cassie

ghnás coitianta san am sin, dar ndóigh, agus sin gur cuireadh na tripléid faoi chúram a gcuid daoine muinteartha agus is de thairbhe seo a fágadh Gráinne Jack faoi chúram Mháire agus Jack Bán.

Nuair a d'fhás Gráinne suas d'imigh sí fhéin agus a dá deirfiúr, Maggie agus Cassie go Meiriceá. Ba seo timpeall na bliana 1922. Phós Gráinne Ciarraíoch a raibh Denis Sugrue air. Bhí Denis ina tiománaí bus i Nua Eabhrac. Bhí ceathrar clainne acu, Danny, Dinis, Jimmy agus Bidí. Fuair Denis bás timpeall na bliana 1965.

Fuair Jack Bán bás sna triochaidí agus nuair a síleadh go raibh Máire ag dul isteach i ndrochshláinte agus an bás ar leac an dorais aici tháinig Gráinne ar ais as Meiricea lena clann óg le haire agus cúram a thabhairt dithe. Ach mhair Máire blianta fada i ndiaidh dóibh theacht anall agus d'fhan Gráinne ansin i Ros na Binne áit ar thóg sí a clann. Is cosúil nuair a maraíodh a fear thall i Meiriceá go raibh airgead curtha ar fáil d'oideachas na ngasúr agus rinne siad freastal ar Choláiste Adhamhnáin i Leitir Ceanainn. Bhí Dinis, an mac ba sine, stócach téagartha láidir, ar fhoireann na nDúnaibh a bhain an chéad chraobh Sóisir Contae sa bhliain 1948. Bhí Dinis ag obair ar shiopa John Buchan, a bhí a thógáil sna Dúnaibh ag an am, sular imigh sé go Meiriceá. Nuair a d'imigh Gráinne Jack agus a clann ar ais go Meiriceá 1949, i ndiaidh do Mháire bás a fháil, fágadh an teach, an talamh agus a raibh d'ainmhithe ansin faoi chúram Mhicí Jimí.

Bhog Micí Jimí, a bhí ina cholceathair ag Gráinne Jack, isteach i dteach Jack Bán cúpla bliain i ndiaidh do Ghráinne a theacht as Meiriceá. Máire Ginn (Ní Shiaidhail) as Dumhaigh deirfiúr de Bhidí Ginn (máthair Ghráinne) a bhí ina máthair ag Micí Jimí agus rugadh é ar an Chorrach sa bhliain 1895. Bhí Micí pósta ar Shorcha Do-chartaigh (deirfiúr do James Antoin) as Baile na Deora. Fuair sise bás óg agus fágadh Micí le triúr clainne Muiris, Máire agus Nóra. Tógadh Máire i dtigh James Antoin i mBaile na Deora agus Nóra i dtigh Mhicí Ginn sna Dúnaibh Íochtarach agus choinnigh Micí a mhac Muiris leis agus tógadh é tigh Ghráinne Jack i Ros na Binne. Bhí Máire pósta ar Peter Flaherty agus bhí Nóra pósta ar Ronald Reeves ach ní raibh clann ar bith ag ceachtar acu. Nuair a tháinig Muiris 'un aois d'imigh sé go hAlbain áit ar pósadh é agus ar thóg sé clann. Tá an triúr acu ar shlí na fírinne anois le roinnt blianta. Fear a bhí i Micí a raibh cuimhne iontach aige agus thiocfadh leis seasamh i lúb chuideachta agus an óráid a thug Roibéard Emmet uaidh i dteach na cúirte, an lá a daoradh chun báis é, a thabhairt uaidh ar a shuaimhneas.

Bhí deacracht amháin ag Micí bocht agus ba sin gur ghnách leis eagla mhillteanach a bheith air roimh an dorchadas. Is dócha gur seo rud a bhí leis óna óige mar is cinnte go mbíodh cuid mhór scéalta fá thaibhsí a n-insint fá na tithe na blianta sin. Cibé ba scéal dó bhí eagla ar Mhicí sa dorchadas agus fiú nuair a bhí Gráinne Jack ansin cha rachadh Micí amach san oíche gan duine de na stócaigh óga a bheith ina chuideachta. Ag tús na seascaidí nuair a bhí Micí sa teach leis fhéin ba ghnáth leis a dhul a chuartaíocht ag na comharsa-na. Cha raibh teach Phádraig Eoin Chonchúr i bhfad uaidh agus b'iomaí oíche a chaitheadh sé



Micí Jimí

ann ag airneáil. Mar is eol don saol mór maraíodh J F Kennedy ag tús na seascaidí agus cha raibh oíche ann ar feadh fada go leor ina dhiaidh sin nach raibh dúnmharú an Chinnéadach mar ábhar cainte ar an Raidió. Oíche amháin ag deireadh mhí na Samhna na bliana sin bhí Micí istigh i dtigh Phádraig Eoin Chonchúr. Bhí Pádraig agus Máire Rua ar a gcuid fhéin na blianta seo, bhí an chlann mhór a thóg siad uilig ar imirce i Sasana. Oíche ar bith a mbíodh Micí ag airneáil ann ba ghnáth le Pádraig é a fhágáil thall ag geafta an tigh nuair a



Máire Rua

thiocfadh am luí, de thairbhe go raibh an oiread sin eagla air. Bhí Máire Rua, bean Phádraig, lán diabhlaíochta, agus am inteacht ag tarraingt ar am luí an oíche áirithe seo, nuair a bhí sé chóir a bheith in am do Mhicí a bheith ag tabhairt aghaidhe ar an bhaile, shleamhnaigh sí amach an doras go deas suaimhneach agus raidió beag láimhe léithe i bhfolach faoina geansaí. Chuir sí an raidió agus é tiontaithe air, isteach i mbuatais agus d'fhág sí an bhuatais istigh ar an taobh eile de gheafta Mhicí. Ba é an t-ábhar cainte agus díospóireachta, de réir cosúlachta a bhí ar an raidió an oíche seo ná cuid óráidí Chennedy. Tamall i ndiaidh do Mháire pilleadh ar an teach d'éirigh Micí agus thug sé aghaidh ar an bhaile, bhí Pádraig ina theannta le cuideachta a choinneáil leis go dtí an gheafta. Bhí siad fá chúpla slat den gheafta nuair a mhothaigh Micí glór Chennedy ag teacht amach as an bhuatais agus ar shiúl leis ina rith, ar ais i dtreo theach Phádraig Eoin Chonchúr. Deirtear nárbh fhiú trí leathphingin é nuair chaith sé é fhéin isteach ar an doras. 'Cad é tá ciotach, Mhicí'? arsa Máire leis. 'Chuala mé Kennedy' ar seisean agus cha mhó ná go raibh sé ábalta a anáil a fháil leis. Dhíol Máire Rua go daor as a cuid diabhlaíochta mar gurb éigean di fhéin agus do Phádraig suí le Micí go dtáinig teacht a lae.

Fuair Micí bás i Ros na Binne sa bhliain 1979.

Is go Nua Eabhrach (New York) a chuaigh Gráinne Jack agus a clann nuair a phill siad ar Mheiriceá. Ba chonraitheoirí a bhí i Jimí agus Dinis i Nua-Eabhrach agus is cinnte nach raibh siad i bhfad i Meiriceá gur thosaigh tréimhse ina raibh tionscal na tógála i mbarr a réime ann agus mhair an tréimhse seo blianta fada. Lean Danny lena chuid staidéir thall agus cháiligh sé mar dhlíodóir. Phós siad agus thóg siad clanna i Meiriceá. Bhí Danny pósta ar Sophie Nic Pháidín (Sophie Hughie Mhánais) as Dumhaigh. Tháinig siad uilig ar ais ó am go chéile le cuairt a thabhairt ar an tseanfhód. Tá an teach inár chaith siad páirt mhaith dá n-óige ina seilbh go fóill.



Danny, Jimmy, Bidí agus Dinis Sugrue

# Daonáireamh Ros Goill 1911

## *Deisceart Ros Goill (An tUachtar)*

| Baile Fearainn | Líon na dTeaghlach | Líon na dTeaghlach le Gaeilge | Líon na dTeaghlach le Béarla amháin. | Daonra an bhaile fearainn. | Líon na ndaoine le Gaeilge | Líon na ndaoine le Béarla amháin. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Carraic | 36 | 32 | 4 | 225 | 211 | 14 |
| Duibhlinn Mór | 12 | 7 | 5 | 59 | 35 | 24 |
| Duibhlinn Riach. | 32 | 32 | ---- | 153 | 153 | ---- |
| Barra na nDúnaibh | 4 | 4 | ---- | 21 | 21 | ---- |
| Droim | 10 | 10 | ---- | 66 | 66 | ---- |
| Droim Fionn. | 2 | 2 | ---- | 12 | 12 | ---- |
| Mín na Croise. | 2 | 2 | ---- | 12 | 12 | ---- |
| Ramhar Ros | 17 | 4 | 13 | 76 | 17 | 59 |
| Tullach | 30 | 30 | ---- | 138 | 138 | ---- |
| Achadh Leataobh. | 13 | 8 | 5 | 73 | 52 | 21 |
| Baile Uí hEochagáin. | 1 | ---- | 1 | 6 | ---- | 6 |
| Carraig Airt. | 33 | 29 | 4 | 175 | 164 | 11 |
| Baile Charraig Airt. | 29 | 18 | 11 | 155 | 80 | 75 |
| Dún Mór. | 23 | 21 | 2 | 119 | 101 | 18 |
| Gleann Cheo | 17 | 17 | ---- | 60 | 60 | ---- |
| Gleann Rí | 11 | 7 | 4 | 61 | 33 | 28 |
| Gort na Bráíd. | 42 | 42 | ---- | 225 | 224 | 1 |
| Coill | 20 | 20 | ---- | 85 | 84 | 1 |
| Machaire Mac Gorgáin | 5 | 4 | 1 | 34 | 29 | 5 |
| Tír Lachan | 33 | 26 | 7 | 191 | 159 | 32 |
| Umlach | 34 | 30 | 4 | 220 | 184 | 36 |
| Achadh an Dá Chor. | 6 | 1 | 5 | 25 | 8 | 17 |
| Carn na nGabhar. | 6 | 6 | ---- | 29 | 29 | ---- |
| Craobhach | 7 | 5 | 2 | 31 | 23 | 8 |
| Droim Dutton | 11 | 9 | 2 | 54 | 46 | 8 |
| Droim Leacach. | 11 | 8 | 3 | 56 | 38 | 18 |
| Gleann an Ghiolla Ghránna. | 24 | 24 | ---- | 114 | 113 | 1 |
| Gleann Iartharach. | 34 | 34 | ---- | 177 | 176 | 1 |
| Gleann an Aonaigh. | 8 | 7 | 1 | 30 | 21 | 9 |
| Gleann Meánach. | 18 | 17 | 1 | 86 | 66 | 20 |
| Gleann Ard. | 1 | 1 | ---- | 7 | 7 | ---- |
| Mín Formálach. | 14 | 13 | 1 | 52 | 47 | 5 |
| Mín Lárach. | 5 | 5 | ---- | 16 | 16 | ---- |
| Túrach. | 4 | 4 | | 19 | 16 | 3 |
| **IOMLÁN** 34 baile fearainn. | 555 | 480 | 75 | 2862 | 2441 | 421 |

### *Tuaisceart Ros Goill (An tÍochtar)*

| Baile Fearainn | Líon na dTeaghlach | Líon na dTeaghlach le Gaeilge | Líon na dTeaghlach le Béarla amháin. | Daonra an bhaile fearainn | Líon na ndaoine le Gaeilge | Líon na nDaoine le Béarla amháin |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ard Bán | 23 | 23 | ---- | 142 | 142 | ---- |
| Cluain tSalach | 14 | 14 | ---- | 100 | 100 | ---- |
| An Mhuirleog | 18 | 18 | ---- | 98 | 98 | ---- |
| Doire a'Chasáin | 45 | 45 | ---- | 250 | 250 | ---- |
| Dumhaigh | 18 | 18 | ---- | 104 | 104 | ---- |
| Na Dúnaibh 1 | 25 | 24 | ---- | 127 | 126 | 1 |
| Na Dúnaibh 2 | 12 | 3 | 9 | 31 | 9 | 22 |
| Dún Dubháin | 9 | 9 | ---- | 84 | 84 | ---- |
| Dún Dubháin Uach-tarach | 10 | 10 | ---- | 73 | 73 | ---- |
| An Ghlíob | 9 | 9 | ---- | 66 | 66 | ---- |
| Gleann Uraí | 7 | 7 | ---- | 35 | 35 | ---- |
| Gort na Luchóg | 8 | 8 | ---- | 49 | 49 | ---- |
| Oileán a' Bhráighe | 6 | 1 | 5 | 45 | 9 | 36 |
| Ceann na Leargaí | 4 | 0 | 4 | 21 | ---- | 21 |
| Leargán Riabh. | 6 | 3 | 3 | 29 | 18 | 11 |
| Machaire Beag | 8 | ---- | 8 | 42 | 3 | 39 |
| Meall Mór | 6 | 6 | ---- | 34 | 34 | ---- |
| Míobhaigh | 7 | ---- | 7 | 38 | 2 | 36 |
| Ros na Binne. | 21 | 11 | 10 | 125 | 57 | 68 |
| **Iomlán** 19 baile fearainn. | 256 | 209 | 47 | 1493 | 1259 | 234 |

| An Ceantar Iomlán. | Líon na dTeaghlach | Líon na dTeaghlach le Gaeilge. | Líon na dTeaghlach le Béarla amháin. | Daonra | Líon na nDaoine le Gaeilge | Líon na nDaoine le Béarla amháin. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 53 baile fearainn | 811 | 689 | 122 | 4355 | 3700 | 655 |

## Ros Goill céad bliain ó shin.

De réir na bhfigiúirí ó dhaonáireamh na bliana 1911 bhí 4355 duine beo sa pharóiste seo, 2862 san Uachtar agus 1493 san Íochtar. Bhí 53 baile fearainn ina raibh 811 teaghlach, 555 teaghlach san Uachtar agus 256 teaghlach san Íochtar.

Bhí Gaeilge ag 3700 duine sa pharóiste agus dúirt an t-iomlán acu seo, chóir a bheith, go raibh Béarla acu fosta. Tá sé deacair a fheiceáil go raibh Béarla ag na daoine seo uilig fosta mar nach raibh mórán deise acu Béarla a fhoghlaim agus iad ag éirí aníos. Cinnte, ní raibh ach teanga amháin ar an scoil san am sin agus ba sin Béarla, bhí cosc ar Ghaeilge a theagasc nó a labhairt. Ach bhí cuid mhaith den daonra nach bhfuair scolaíocht ar bith, rud atá le feiceáil go soiléir ón líon daoine a bhí neamhliteartha

(illiterate). (Déanfar seo a scrúdú don chéad eagrán eile). Bhí 655 duine sa pharóiste nach raibh acu ach Béarla agus is dócha, de bharr na teagmhála leis na daoine seo gur chuir Gaeilgeoirí eolas ar an Bhéarla uathu sin. Bhí áiteacha eile fán cheantar fosta (tá seo le feiceáil ón daonáireamh) a bhfaigheadh daoine neart Béarla iontu - Óstán Ros na Binne, Eastát an Tiarna Liatroma, baile Charraig Airt agus, dár ndóigh, le linn na mblianta sin bhí na céadta d'iascairí na hAlban fá na Dúnaibh nach raibh acu ach Béarla. Ó thaobh na himirce de bhí tionchar mór ag seo fosta ar an teanga mar go raibh daoine anonn is anall go hAlbain agus go Sasana agus is cinnte i ndiaidh tamaill go mbeadh Béarla ar a dtoil acu. Ach taispeánann na figiúirí ó am an ghorta, go ndeachaigh i bhfad níos mó daoine ar imirce ó 1911 ar aghaidh ná mar chuaigh i ndiaidh an ghorta. Mar sin de má bhí Béarla ag na Gaeilgeoirí seo uilig tá sé deacair a rá cén caighdeán de Bhéarla a bhí acu ach d'fhéadfaí a rá go cinnte go raibh cuid mhaith den tseanmhuintir ar bheagán Béarla. Ní raibh ach corr theaghlach thall is abhus sa daonáireamh a d'admhaigh nach raibh acu ach Gaeilge amháin. D'fhéadfaí go raibh náire nó eagla ar chuid mhaith acu a admháil nach raibh Béarla ar bith acu.

## Béarla.

Dúirt 655 duine gur Béarla a bhí acu agus thig a rá go cinnte nach raibh Gaeilge ar bith acu seo mar nár chuir siad sin in iúl.

Bhí trí bhaile fearainn san Íochtar nach raibh cónaí ar theaghlach ar bith le Gaeilge, ba sin An Machaire Beag, Ceann na Leargaí agus Míobhaigh. Naoi theaghlach déag a bhí sna trí bhaile fearainn seo.

San Uachtar ní raibh ach baile fearainn amháin nach raibh teaghlach ar bith le Gaeilge ann agus ba sin Baile Uí hEochagáin agus ní raibh ina chónaí sa bhaile fearainn sin ach teaghlach amháin.

Bhí teaghlaigh a raibh Gaeilge agus Béarla acu agus teaghlaigh nach raibh acu ach Béarla amháin sa chuid is mó de na bailte fearainn. Bhí bailte fearainn ann fosta a raibh Gaeilge ag na teaghlaigh ar fad iontu. San Uachtar bhí Gaeilge ag na teaghlaigh ar fad sna bailte fearainn seo leanas: Duibhlinn Riach, Barra na nDúnaibh, Droim, Droim Fionn, Mín na Croise, Tullach, Gleann Cheo, Gort na Bráid, Coill, Carn na nGabhar, Gleann an Ghiolla Ghránna, Gleann Iartharach, Gleann Ard, Mín Lárach agus Túrach.

San Íochtar bhí Gaeilge ag na teaghlaigh ar fad sna bailte fearainn seo leanas: An tArd Bán, Cluain tSalach, An Mhuirleog, Doire a'Chasáin, Dumhaigh, Na Dúnaibh I, Dún Dubháin, Dún Dubháin Uachtarach, An Ghlíob, Gleann Uraí, Gort na Luchóg agus an Meall Mór.

## An Daonra.

Ba bhaile fearainn Dhoire a' Chasáin an baile fearainn ba mhó daonra sa pharóiste - 250 duine. Bhí an Baile Úr agus Gorta Móra san áireamh anseo fosta. Cha raibh baile fearainn ar bith eile san Íochtar a raibh os cionn dhá chéad duine ina gcónaí ann.

San Uachtar bhí trí bhaile fearainn a raibh os cionn dhá chéad duine ina gcónaí ann: Carraic 225, Gort na Bráid 225 agus Umlach 220.

As na 34 baile fearainn san Uachtar ní raibh ach naoi mbaile fearainn a raibh níos lú ná 30 duine beo iontu: Barra na nDúnaibh 21, Droim Fionn 12, Mín na Croise 12, Baile Uí hEochagáin 6, Achadh an Dá Chor 25, Carn na nGabhar 29, Gleann Ard 7, Mín Lárach 16, Túrach 19.

San Íochtar bhí níos lú ná 30 i gCeann na Leargaí ina raibh 21 duine ina gcónaí ann agus i Leargán Riabhach ina ráibh cónaí ar 29 duine.

## Dumhaigh agus an tArd Bán.

Cha dtig na figiúirí seo a fhágáil gan tagairt ar leith a dhéanamh de dhá bhaile fearainn san Íochtar a raibh daonra mór iontu sa bhliain 1911. Bhí 142 duine ina gcónaí ar an Ard Bhán agus 104 i nDumhaigh. De réir an taighde a rinne an Dr. Leslie Lúcas ar dhaonra an Íochtair i 1986 ní raibh ach 13 ina gcónaí ar an Ard Bhán agus 28 i nDumhaigh.

Chan sin bánú na tuaithe, sin scrios na tuaithe!

# Siopa Úr Mhic Nuadht



Is deas an rud é an "Memorial Hall" a fheiceáil foscailte arís. Chuaigh mé isteach le marmaláid a fháil mar gur dhúirt bean liom go raibh marmaláid acu a raibh uisce beatha ann.

An t-am deireanach a bhí mise sa "Duthie Memorial Hall" bhí mé ag déanamh cúrsa cniotála. Bhí bean ansin as Carraig Airt ag teagasc cniotála agus d'fhéadfá dul isteach ar feadh seachtaine agus mhúinfeadh sí duit an dóigh le geansaí Árannach a chniotáil. Bean an-deas agus múinteoir maith a bhí in Ms. Manning ach chan ag foghlaim cniotála a bhí inár n-intinn againne, ach na gasúraí a bhí sa mhonarcha in aice an halla. Tá sin níos mó ná leathchéad bliain a shin agus char fhoghlaim mé an dóigh le geansaí Árannach a chniotáil ariamh.



*Tá an seol láimhe seo ar taispeáint sa siopa*

Bhí lúcháir orm nuair a chonaic mé go bhfuil an halla mar a bhí i gcónaí. Tá adhmad den scoth ann agus gan dochar ar bith déanta do i rith na mblianta. Earraí bronntanais is mó, is dóiche, atá ann, mar atá cártaí, gallúnach agus subh milis de gach sórt. Tá seáltaí áille atá déanta sa mhonarcha, chomh maith le héadaí, cótaí agus blaincéid ar díol ann ach an rud is mó a chur áthas ar mo chroí ná na buidéil mhilseáin, mar a bhí riamh i Siopa Joe Mhic Nuadht. Ba ghnách le seanJoe crág mhilseáin (loiseangearaí) a thabhairt dúinn agus muid inár bpáistí.



William agus Peadar Mac Nuadht atá i mbun an tsiopa seo anois, daoine deasa cairdiúla mar a bhí a muintir rompu agus bhí William ag inse stair an halla domh. Tá lear daoine fán áit a bhfuil cuimhne acu ar ócáidí speisialta sa halla seo. Ba mhaith linn anseo bhur scéalta a insint. Cuir chugainn iad.



Tá súil againn go mbeidh rath agus rathúnas agus coisreacan Dé ar shiopa Mhic Nuadht agus cé nach dtug William crág mhilseáin as an bhuidéal domh, bhain mé tréan phléisiúr as an mharmaláid.

*Finola Hudaí*

## Na Dúnaibh… Cén Bhliain?



Tá muid buíoch do Sheán Mhic Pháidín, Sligeach, as an eolas thíos a chur chugainn maidir leis an phictiúr de na Dúnaibh a bhí in eagrán 35 de Ghuth Ghoill.

Ní raibh mórán tithe san áit nuair a glacadh an grianghraf seo. Thig leat teach Ernie Mhic Giolla Choinnigh a fheiceáil ar bharr an chnoic agus tá bunsraitheanna tí Jack Mhic Pháidín i Leargan Riabhach le feiceáil fosta. Ag an am sin bhí clann Jack ina cónaí i dteach "Kelly", áit a bhfuil Marion Buchanan le blianta fada anois. Nuair a bhí an teach nua i Leargan Riabhach críochnaithe chuaigh an chlann uilig, san am sin Jack, Caitlín, Maureen, Ciaran, agus Ethna a chónaí ann. Ba é Aodán an chéad duine den chlann a rugadh sa teach úr i mí Dheireadh Fómhair 1952. Dúirt m'athair le hAodán gur tógadh an teach thar thréimhse deich no dhá mhí dhéag. Tá cuimhne ag Ciarán ar an lá a d'fhág siad teach "Kelly". Rinne Wilson Buchan, dearthháir le John Buchan, an troscán a iompar dóibh go dtí an teach úr sa leoraí a bhí aige ag an am.

Ma amharcann tú ar an chuibhreann os comhair tí Ernie, agus tí Pheoples, tá stucaí arbhair le feiceáil. Níl feirmeoirí ag obair mar seo anois, ach sin an dóigh a raibh sé ar feadh blianta fada. Bheadh na cuibhrinn lán stucaí i mi Lúnasa agus Meán Fómhair sula dtagadh an t-inneall buailte agus bheadh na gasúraí uilig thart fan áit ag fanacht ar na luchóga theacht amach as na stucaí arbhair agus na cocaí féir. Tá cocaí féir le feiceáil fosta thuas ar fheirm na Wilsons i Machaire Beag, in aice le Cnoc an Dúin.

Ag cur achan rud anseo san áireamh, déarfainn gur tógadh an grianghraf seo thart fá Lúnasa no Meán Fómhair na bliana 1951.

## Imeachtaí na bPáistí



Bhí ceithre dhráma ar an ardán ag Céim Aniar don Fhéile Scoildrámaíochta in Amharclann an Ghrianáin i Leitir Ceanainn i mbliana, "Na Trí Muca" leis na Naíonáin, "An Leipreachán" le rang 1 agus rang 2, "Páirc an Óir" le rang 3 agus rang 4 agus "Díoltas an tSaoil" le rang 5 agus rang 6. Chuaigh an dá dhráma "Páirc an Óir" agus "Díoltas an tSaoil" fríd chuig Féile Uladh, áit ar bhain rang 3 & 4 duais na rannóige. Bhain Laura Pasoma an duais don bhanaisteoir is fearr ar an lá chomh maith. Bhí oíche mhór againn ansin i gColáiste Ros Goill ar 5 Aibreáin nuair a chuir na páistí na ceithre dhráma i láthair do mhuintir na háite.



Na Trí Muca & Wolfie

Bronnadh teastas ar na páistí uilig ag ócáid sa Síbín Ceoil ar 6 Bealtaine nuair a rinneadh saothar na bliana a cheiliúradh. Bhí grianghraif d'imeachtaí na bliana agus na duaiseanna ar taispeáint agus bronnadh na teastais cheoil ar na páistí sin a rinne freastal ar na ranganna uirlisí ceoil i rith an gheimhridh chomh maith.

Comhghairdeas leis na páistí uilig atá páirteach sa scéim pleanála teanga agus a chur obair mhór isteach ag na himeachtaí i rith na bliana.

# Féile Drámaíochta Chéim Aniar sna Dúnaibh

Bhí ócáid mhór a reáchtáil i gColáiste Ros Goill ar 1 agus 2 Aibreán nuair a cuireadh ceithre dhráma ar an ardán d'Fhéile Drámaíochta Chéim Aniar, féile a bhí mar bhabhta cáilithe don Fhéile Náisiúnta Drámaíochta a bhí ar siúl i gConamara i mbliana. Bhí an halla lán go doras nuair a chuaigh Aisteoirí Mhíobhaigh ar an ardán ar an Aoine leis an dráma úrscríofa, "Fuil ar an Torc" agus bhain achan duine an-sult go deo as an léiriú seo. Tá cur síos ar an dráma seo déanta níos faide ar aghaidh. Ansin ar an Satharn ba iad Aisteoirí Charn Tóchair an chéad dream ar an ardán leis an dráma "Dealg an Tiomna", dráma eile a scríobh Proinsias Ó Cuilinn. Bhí meascán breá den ghrá, den ghruaim agus den ghreann sa dráma seo agus bhí sé ina ábhar pléisiúrtha ag an lucht féachana.



*Aisteoirí Charn Tóchair*



*Aisteoirí an Ómaí*

Ina dhiaidh sin thug Aisteoirí na hÓmaí léiriú suimiúil den scéaldráma sin ón bhéaloideas, "Dóchas na Caillí" agus leanadh seo le cur i láthair an-phroifisiúnta den dráma cáiliúil sin "Faoiseamh" de chuid John B. Keane, ó Aisteoirí Mhic Easmuinn ón Cheathrú Rua.






*Aisteoirí Mhic Easmuinn*

Beidh an Fhéile Náisiúnta Drámaíochta ar siúl anseo sna Dúnaibh i 2012.

# Fuil ar an Torc



*Aisteoirí Mhíobhaigh*

I mo shuí domh i gColáiste Ros Goill le linn an Fhéile Drámaíochta a bhí ansin ag tús mí Aibreáin, rinne mé dearmad glan gur ansin a bhí mé. Ba le linn an dráma "Fuil ar an Torc" a tharla sé seo. Thiocfadh do gur in amharclann mhór ar bith a bhí mé, bhí caighdeán an dráma agus na haisteoireachta chomh maith sin.

Le gach casadh, choinnigh an scéal seo thú ar chipíní, ach ní go dtí an deireadh, nuair a tháinig an fhírinne amach, a thuig muid gur drámadóir den scoith amach 's amach atá i bProinsias Ó Cuilinn. Scéal iontach atá inti seo agus gach duine den fhoireann ag aisteoireacht go díreach mar gur scríobhadh an pháirt dóibh. Leoga, déarfainn nuair a bhí Proinsias a scríobh, gur orthu a bhí sé ag smaoiteamh.

Cúrsaí talún atá i gceist sa scéal agus níl rud ar bith ait fá sin sa tír seo, ach go bhfuil na carachtair i bhfad níos contúirtí, níos santaí agus níos ísle ná na gnáth rógairí. De réir dealraimh, piocadh na páirteanna go cruinn cúramach - Fear glic gortach atá i Jack Ryan (Proinsias Ó Cuilinn féin). Tá a shúil aige ar theach agus ar thalamh a chomharsa, J.J. Ó Colla. Gheobhaidh sé é, dar leis, ar shlí ar bith, ceart nó cóir. Déanann sé iarracht a mhac Ryan a fháil le cuidiú leis. Seán Ó Dochartaigh a ghlac páirt Ryan agus léirigh sé go hiontach an difir a bhí idir é fhéin agus a athair. Bhíodar beirt an-mhaith agus an gaol eatarthu! Mar oíche agus lá.

Bhí Stiofán Ó Sibhleain agus John Mhící Rua mar Andy agus Maloney, iad faoi thionchar Jack agus é a mealladh isteach in olcas agus i ndiabhlaíocht. Chuir an bheirt acu lear grinn isteach sa dráma. Ar eagla ansin go mbeadh muid ag gáire rófhada, bhí Róisín (Fíona Pasoma) ag gearán fán drochdhóigh ina raibh sí fágtha, a fear céile, Séimí (Darragh Mac Laifeartaigh) loite go deo i ndiaidh timpiste!

Bhí J .J. Ó Colla (Hughie Fina) agus Máire (Ann Marie Ní Shibhleáin) ina seantuismitheoirí ag Séimí agus iad ag léiriú an chairdis agus an grá idir lánúin aosta. Bhí Ann Marie ró-óg don pháirt ach char chuir sin bac nó baol uirthi. Shílfeá gur ar an ardán a rugadh í. Ansin bhí Nuala Ní Cholla (Brídín Mhic Uiginn), máthair Shéimí agus baintreach le mac J. J. agus í ag iarraidh achan duine a shásamh. Ní fhaca mise Brídín ar an ardán le hAisteoirí Mhíobhaigh roimhe agus rinne sí jab maith den pháirt seo, páirt nach raibh furasta a léiriú.

Bíonn páirt an fhir ghléasta nó an bhoic mhóir i gcónaí ag Joe Cullen agus cha raibh deacracht ar bith aige bróga an dochtúra a líonadh, an chuma sin air, é eolach, léannta agus níos ciallmhaire ná iad siúd ar a mbíonn sé ag tabhairt comhairle. Mar i gcónaí, cha raibh buaireamh ar bith ag Joe leis an pháirt seo.

Bhí páirt Shéimí, a bhí léirithe ag Darragh Mac Laifeartaigh, lárnach sa dráma seo. Gortaíodh Séimí go holc. Chan timpiste a bhí ann ach drochbheart a iompraíodh amach air agus fágadh é le hintinn linbh dhá bhliain d'aois. Rinne Darragh an pháirt seo a léiriú chomh maith is a rinne Daniel Day Lewis páirt Christy Brown a léiriú sa dráma "My Left Foot". Rinne Darragh a chuid fhéin den pháirt agus is mór an trua nach i Hollywood atá sé. Gan dabht, ba é seo an fear ceart don pháirt a léirigh sé gan locht.



Bhain achan duine sult mór as an seó agus tá lear cainte fá dtaobh de go fóill. Tá bród mór orainn i Ros Goill go bhfuil Hitchcock dár gcuid féin againn agus aisteoirí den scoth. Mar a bhíonn i gcónaí, bhí daoine ag cuidiú nach bhfaca an lucht éisteachta ar chor ar bith agus tá buíochas mór tuillte ag Antain Mac Giolla Bhríde a bhí ag amharc i ndiaidh na soilse agus na fuaime agus ag Máire Uí Chléide don smideadh.

*Finola Hudaí*

***Beidh seans agaibh an dráma seo a fheiceáil sa Choláiste arís ar 18 Iúil agus 1 Lúnasa.***

# Feadaímó

Tá Feadaímó agus Páidí ina seasamh ar an tsráid taobh amuigh den phríosún ina bhfuil Domhnall mar phríosúnach ag an Choirnéal Albertson. Tá an príosún istigh i lár beairic na saighdiúirí agus tá trí fhoirgneamh mhóra ina bhfuil lóistín na saighdiúirí ar an taobh eile den tsráid. Tá uaisleacht na cathrach ag freastal ar dhamhsa mór i halla na beairice mar aíonna na n-oifigeach agus tá Éamonn gléasta mar shaighdiúir ar faire ar chúl an halla. "Chan fheicimse dóigh ar bith le fáil isteach sa phríosún sin, a Fheadaímó," arsa Páidí. "Ta an ceart agat, a Pháidí, níl dóigh le fáil isteach ón tsráid seo," arsa Feadaímó, i gcogar. Shiúil sé ar ais fríd an áirse agus lean Páidí é. "Tá saighdiúir a dhí-obháil orainn," arsa Feadaímó, agus é ag coinneáil isteach teann leis na ballaí. "Tá mé den bharúil nár inis an saighdiúir eile an fhirinne uilig dúinn, ach tá sé ró-mhall le dhul ar ais le hé a cheistiú." "Bhail," arsa Páidí, "chan rud é go bhfuil siad gann fán áit seo." "Gabh thusa ar ais agus faigh Éamonn," arsa Feadaímó, "agus ná cuirigí am ar bith amú. Fanfaidh mise anseo agus má thagann…." "Whist," arsa Páidí, ag briseadh isteach air. "Tá daoine ag teacht." Chuala Feadaímó iad ansin. Mháirseáil oifigeach agus beirt shaighdiúir amach faoin áirse ag dul i dtreo an halla. Cha raibh dóigh ar bith le coinneáil i bhfolach agus léim Feadaímó amach os a gcomhair. Stad an triúr go tobann agus iontas go bráth orthu. "Who the devil are you?" arsa an t-oifigeach go feargach agus bhuail Feadaímó é faoin smig lena dhorn. Thit an t-oifigeach ina chnap ar an talamh agus sula bhfuair an dá shaighdiúir deis bogadh bhuail Feadaímó a dá chloige-ann le chéile agus thit siad ar mhullach an oifigigh. "Goitse, a Pháidí, faigh greim ar an oifigeach," arsa Feadaímó agus é ag iompar an dá shaighdiúir thar a ghuaillí. Chuaigh siad thart an coirnéal agus chonaic Feadaímó doras sciobóil ar an taobh eile den tsráid. Rith Feadaímó trasna, d'oscail sé an doras agus isteach leis. Tháinig corr sheitreach ó na capaill a bhí istigh ach shocraigh siad gan mhoill. Chuir Feadaímó an dá shaighdiúir isteach i stalla folamh agus cheangail sé iad le srianta a bhí ar an bhalla.

D'fhág sé a ngunnaí ina seasamh taobh istigh den doras agus d'amharc sé ar an oifigeach. Is captaen a bhí ann agus bhí sé gléasta ina chulaith is fearr agus trí bhonn ar a chliabh. "Cuir thusa ort an chulaith sin, a Pháidí," arsa Feadaímó, "Mise?" arsa Páidí. "Sea, thusa. Níl sé mór go leor domhsa agus fosta tá Béarla i bhfad níos fearr agatsa ná mar atá agamsa," arsa Feadaímó. Bhí Páidí chun labhairt arís ach nuair a chonaic sé súile Fheadaímó choinnigh sé a bhéal druidte agus chuir sé air cuid éadach an oifigigh. Chaith Feadaímó uisce ar an oifigeach ansin agus mhúscail sé. "Cuir ceist air fán dóigh is fearr dúinne fáil isteach sa phríosúin, a Pháidí," arsa Feadaímó agus é ag cur an oifigigh ina shuí. Chuir Páidí an cheist air ach cha dtug an t-oifigeach freagair ar bith ach go díreach corr éagaoin phianmhar a ligean uaidh. "Tá a ghiall briste," arsa Páidí "ach ba chóir go mbeadh sé ábalta cúpla ceist a fhreagairt." "Ba chóir go mbeadh," arsa Feadaímó, "agus déanfaidh sé sin. Imigh thusa anois agus faigh Éamonn." Bhí Páidí réidh le dul amach ar an doras nuair a thóg Feadaímó claíomh an oifigigh. "Cuir seo ort," a dúirt sé, "agus ná déan dearmad Béarla a labhairt má chasann duine ar bith leat." D'imigh Páidí agus thiontaigh Feadaímó chuig an oifigeach. "I have to get into the prison, tell me how," ach chroith an t-oifigeach a cheann.

Smaoinigh Feadaímó ar Dhomhnall istigh sa phríosún agus go raibh an locht uilig ar fhéin gur amhlaidh a bhí an scéal. Dóigh amháin nó dóigh eile gheobhadh sé an t-eolas a bhí a dhíobháil air ón chaptaen. Tamall ina dhiaidh sin bhí Feadaímó ag amharc amach doras an sciobóil nuair a chuala sé trup máirseála ag teacht ina threo agus sular dhruid sé an doras tháinig Páidí agus Éamonn ag máirseáil thart an coirnéal. "Bhí go leor calláin libh cibé," arsa Feadaímó. "Sin an dóigh is fearr le fáil thart nuair atá na cultacha seo orainn," arsa Páidí. "Chas mise le cúigear saighdiúir agus cha dear siad a dhath ach cúirtéis a dhéanamh liom." "Maith go leor, a Pháidí," arsa Feadaímó, "is tusa an t-oifigeach agus tá mise mar phríosúnach agat. A Éamoinn, dírigh thusa do ghunna ormsa agus rachaidh muid a fhad leis an phríosún." "Nach bhfuil dóigh ar bith eile is-teach ach fríd an gheafta sin?" Arsa Páidí. "Níl, sin an t-aon dóigh de réir an chaptaen anseo agus níl sé ag insint bréag," arsa Feadaímó, "ach ar a laghad tá a fhi-os agam an áit a bhfuil Domhnall acu. Tá sé ar an chéad urlár i gcill a seacht déag. Tá teach ag Colonel Albertson ar chúl na dtithe ina bhfuil loistín na saighdiúirí. Cha raibh a fhios ag an chaptaen cé acu an raibh an Colonel ar shiúl chuig an damhsa nó ina theach go fóill." D'amharc Páidí ar Fheadaímó agus iontas air. "Fuair tú sin uilig ón chaptaen. Shíl mise nach n-osclódh sé a bhéal." Chuaigh sé anonn chuig an stalla beag agus chonaic sé an captaen ceangailte don bheirt eile le tost ina bhéal agus gan bogadh as aon duine acu. "Goitse," arsa Feadaímó, "tá an oíche ag imeacht orainn." Chuaigh siad isteach faoin áirse arís agus Páidí chun tosaigh, Feadaímó i lár báire lena dhá lámh in airde agus Éamonn ar cúl lena ghunna dírithe ar Fhéadaímó. Tháinig siad fhad leis an gheafta agus scairt Páidí isteach chuig an dá shaighdiúir. "Open the gates, I've got a prisoner here." Shiúil duine de na saighdiúirí anonn chuige. "Begging your pardon sir, we'll have to call the duty officer. We ain't authorised to open the gates to anyone." "Labhair Páidí leis go feargach. "What's your name private?" "Private Jones, 2nd platoon, C Company. The Welsh Guards sir." D'amharc Páidí air agus aoibh ar a aghaidh. "Well, Private Jones, I'm going to see to it that you are on latrine duty for the next six months. Don't you know there's a ball on here tonight. I'm already late, all you have to do is take this prisoner off my hands and hold him until the duty officer comes to process him. So for the last time, Private, open the bloody gate." "Sorry sir, I have to get the duty officer." Le sin bhuail Feadaímó Páidí lena dhorn agus leag go talamh é. Thiontaigh sé agus bhí sé anois ag déanamh iarracht an gunna a bhaint de Éamonn. D'aithin Páidí cad é a bhí ag dul ar aghaidh agus lig sé scread as.

"Private Jones, if I lose this prisoner I'll see you hang." D'oscail Jones an geafta le driopás agus tháinig sé fhéin agus an saighdiúir eile amach. "Don't shoot him," arsa Paidí, "we need him alive." De réir a chéile chuir an cheathrar acu smacht ar Fheadaímó agus tharraing siad é isteach fríd an gheafta. "There's a holding cell in the basement sir," arsa Jones, agus é ag tiontú na heochrach sa gheafta. "Splendid," arsa Paidí, "let's get this over with." D'oscail Jones doras na cille agus sheas sé ar leataobh. "Get in there, scum," a dúirt sé le Feadaímó. Fuair Feadaímó greim muiníl air agus bhuail sé é in éadan an bhalla agus thit Jones ina chnap ar an urlár. Bhuail Éamonn an saighdiúir eile le buta a ghunna agus caitheadh an bheirt acu isteach sa chill agus ceanglaíodh iad le chéile. Thóg Feadaímó eochracha an gheafta ó phóca Jones. "Fág an geafta foscailte, a Éamoinn," a dúirt sé, "b'fhéidir go mbeidh deifre orainn is muid ag fágáil. Anois, goitsigí, suas go dtí an chéad urlár linn." Chuaigh siad suas an staighre, Páidí chun tosaigh agus an bheirt eile a leanstan mar a bhí agus chonaic siad corparáil ina shuí ag tábla ag léamh leabhair. Nuair a chonaic sé an t-oifigeach ag teacht sheas sé agus rinne sé cúirtéis. Shiúil Éamonn chun tosaigh agus dhírigh sé a ghunna ar an chorparáil. "Open cell 17" arsa Páidí. Char bhog an corparáil. "Maith go leor," arsa Feadaímó, "seo na heochracha is dóiche," agus thóg sé cnapán eochracha a bhí crochta ar an bhalla. "Beidh muid leath na hoíche ag cuardach na heochrach ceart," arsa Páidí. "Ní bheidh, shoot him Éamonn," arsa Feadaímó, agus shiúl sé síos an pasáiste ag amharc ar na huimhreacha ar dhoirse na gceall. "No, wait," arsa an corparáil, agus lean sé Feadaímó. Thóg sé na heochracha agus roghnaigh sé ceann acu. Tháinig siad go cill a 17 agus d'oscail sé é. Shiúil Feadaímó isteach agus chonaic sé Domhnall ina shuí ar an leaba. Bhí iontas go bráth ar Dhomhnall agus sheas sé. "Ná hinis domh gur beireadh ort, a Fheadaímó," a dúirt sé. Le sin shiúil Páidí agus Éamonn isteach agus an corparáil leo. "Bhail, a Dhomhnaill," arsa Páidí, "cad é mar atá rudaí?"

Ní mó ná go raibh Domhnall ábalta labhairt. "Cad é faoi Dhia atá ag dul ar aghaidh anseo?" a dúirt sé. "Ceangail an corparáil do bharraí na fuinneoige, a fheara, agus cuir tost ina bhéal," arsa Feadaímó, agus d'amharc sé ar Dhomhnall. "Tá muid anseo le tú a fháil amach, a Dhomhnaill." "Cha chreidim seo, a Fheadaímó," arsa Domhnall. "Cad é'n dóigh, faoi Dhia, a bhfuair sibh isteach anseo? Lorda, bhí mise lán chinnte gur i long Shasanach a chaithfinn mo bhlianta deireanacha." D'amharc Feadaímó amach an doras agus ansin ar Dhomhnall. "Thig linn an scéal uilig a insint duit nuair atá muid amuigh as an áit seo. Goitsigí, amach an dóigh chéanna, Páidí chun tosaigh agus tusa ar cúl, a Éamoinn." Chuir siad an glas ar chill 17 agus d'imigh siad leo i dtreo an gheafta.

"Cén t-am atá sé?" arsa Páidí. Tharraing Éamonn uaireadóir óna phóca. "Tá sé deich mbomaite go dtí a' dó dhéag." "Bea sin a bhfuil sé," arsa Páidí. "Tá an diabhal oíche seo chomh fada le seachtain." "Dá mbeifeá glasta istigh i gcill i rith an lae bheadh a fhios agat cad é chomh fada is a bhíonn an oíche de ghnáth," arsa Domhnall. "Whist," arsa Páidí, agus stad siad uilig. Chuala siad saighdiúirí ag máirseáil taobh amuigh. "Athraíonn an garda ag meán oíche," arsa Páidí, "níl mórán ama fágtha againn." D'imigh coiscéimeanna na saighdiúirí i dtreo halla bhig ar an taobh eile den phríosún agus rith Feadaímó agus na boic eile i dtreo an gheafta. D'oscail Feadaímó an geafta agus d'amharc sé amach. "Níl duine ar bith ar an tsráid," arsa Feadaímó, "goitsigí," agus d'imigh sé trasna na sráide i dtreo tithe na saighdiúirí. Chuala sé Páidí ag scairteadh ar a chúl. "Faoi Dhia, a Fheadaímó cá bhfuil tú ag dul? Sin an bealach ceart amach faoin áirse ansin." "Imígí sibhse más mian libh," arsa Feadaímó, "ach caithfidh mise airgead Dhomhnaill a fháil ar ais ó Choirnéal Albertson." Rith sé leis agus d'imigh sé as radharc nuair a chuaigh sé thart an coirnéal. "Ó, a Dhia," arsa Páidí, "sé an bás atá i ndán dúinn má leanann muid an boc óg seo." "Cad é eile a thig linn a dhéanamh," arsa Éamonn, "níl sé ag déanamh droch-jab ar bith go fóill." "Goitsigí," arsa Domhnall, "caithfidh muid fanacht leis." Lean siad Feadaímó agus rith siad thart an coirnéal. Bhí Feadaímó ina sheasamh taobh amuigh de theach agus é ag amharc isteach an fhuinneog. Tháinig an triúr eile a fhad leis. "Tá an t-ádh orainn, a fheara," arsa Feadaímó. Tá mo sheanchara Coirnéal Albertson taobh istigh. Le sin chuala siad clog ag buaileadh agus ansin ceann eile ó threo an phríosúin. An chéad rud eile bhí saighdiúirí ina rith achan bhealach. "Caithfidh go bhfuair siad na gardaí a bhí ceangailte suas," arsa Feadaímó. "Is dóiche go bhfuair, arsa Domhnall, "agus muna bhfuil muidinne taobh istigh áit éigin amach as an chosán roimh i bhfad, beidh muid uilig istigh sa pholl sin arís." "Tá sin furasta a réiteach," arsa Feadaímó, "leanaigí mise," agus chuaigh se thart go cúl an tí.

Beidh tuilleadh sa chéad eagráin eile.

## Na Spiairí ar an Chnoc Mhór os cionn Bhaile an tSléibhe.



I dtús báire ba é an Tiarna Liatroma a thóg an teach seo. Bhí báille de chuid an Tiarna ina chónaí ann le súil a choinneáil ar mhuintir na háite ar eagla na heagla, b'fhéidir go mbeadh siad ag baint móna nó truipleogaí ar an chnoc. Is cosúil go raibh níos mó measa ag an Tiarna ar na caora ná mar a bhí aige ar na daoine. Ba é Speer an sloinne a bhí ar an bháille agus nuair a chuaigh clann Uí Shiail as an Chorrach ina gcónaí sa teach seo fuair siad an leasainm "Na Spiairí".

Bhí mé amuigh ag siúl lá amháin agus ar mo chosán thart fá sheanscoil Dhoire a' Chasáin scairt me isteach ar mo chomharsa ar an Bhaile Úr. Is maith liom ruaig a thabhairt air ó am go ham. Fear suimiúil é, atá ina chónaí leis féin agus tá eolas go bráth aige fán tsean-am. Bhí an citeal ag goil ar an tine agus thug se babhla mór tae breá láidir domh agus ceapaire lena chois.

Tháinig an scéal aníos fá chlann na Spiairí ar an Chnoc Mhór. Ta ballóga an tseantí ansin go fóill. Bhí mo chara ag inse domh go deachaigh Den Chonchúir Rua as Baile an tSléibhe amach chuig teach na Spiairí maidin amháin le cuidiú leo gráinnín móna nó truipleogaí a bhaint. Bhí siad ag éirí i ndiaidh a bheith amuigh ag iascaireacht scadán an oíche sin. Bhí gallach mór scadán agus iad feannta i dtobán ag Peadar fá choinne an dinnéir. Chaith sé crág salainn ghairbh orthu le hi-ad a shailleadh. Rinne Cití an tae agus scairt sí ar John agus ar Mhící a bhí ina luí. Nuair a d'éirigh siad chuir Cití amach babhla mór tae cosúil le scála d'achan fhear. Thóg sí isteach toirtín mór a bhí ag fuarú aici os cionn leac an dorais. Ghearr sí é ina thrí chuid agus shín sí steal ag gach fear díreach mar a bhí sé. Bhí meascán mór d'im baile ar an tábla. Chuir siad im ar an steal den toirtín mar a bhí sé agus d'ith siad é go hiomlán. Lena chois sin, bhí gamhain ag an bhó an lá roimhe sin agus bhí po-ta mór gruth buí aici ar an tine ag goil. Nuair a bhí sé bruite thóg sí an pota den tine agus lion sí babhla den ghruth buí agus shín sí é chucu. Anois dé-arfainn go mbeadh an gruth buí sin ramhar agus righin cosúil le cáis, ach ma bhí fhéin, chogain agus d'ith siad é go huile. Nach maith an goile a bhí acu agus lena chois sin bhí siad tacúil agus láidir.

Bhí na fir seo ag iascaireacht scadán ag cúl an Chorráin oíche dheas ghealaí ar bhád leathdeice. Fuair siad cor mór. Bhí an cor éisc chomh mór sin gur líon siad an bád go béal agus chuaigh sí sios faoina gcosa. San am sin bhí na hiascairí uilig ag caitheamh léinte fada síos go dtí a murnáin agus iad breá teann faoina smigeanna. Bhí siad ámharach go raibh go leor aer sna léinte le hiad a choinneáil ar snámh go dtí go dtug Chéarlaí Bán tarrtháil orthu. Bhí Jimmy Antoin ag iascaireacht in aice leo ach ní raibh a fhios aige go raibh bád na Spiairí faoi uisce. Scairt sé ar Shéarlaí Bán agus dúirt sé leis, "Tá eagla orm go gcuirfidh na Spiairí an bad síos anocht". Le sin thug sé faoi deara go raibh na Spiairí ina luí ar mhullach na n-eangach i mbád Shéarlaí Bán. Bhí Willie Duffy as Baile an tSléibhe leo an oíche chéanna. An gcreidfeá, iad ar maos fliuch agus b'éigean dóibh fanacht sa bhád foscailte go maidin go dtáinig siad isteach ag céidh na nDúnaibh agus ansin bhí orthu siúl as na Dúnaibh go dtí Baile an tSléibhe agus amach an Cnoc Mór. Bhí siad righin.

Go goirid ina dhiaidh sin fuair siad bád eile agus nuair a bhí an iascaireacht thart chuir siad an bád i bhfoscadh go Lag na hUillinne don Gheimhreadh. Rinne siad dearmad den ancaire agus thug Peadar agus fear eile sac mór leo ón bhádchlós go dtí céidh na nDúnaibh. Chuir siad an t-ancaire agus an slabhra isteach sa tsac. Thóg an fear a bhí leis é ar dhroim Pheadar agus an gcreidfeá, cha dear Peadar a scíste go dtí gur shroich sé teach Mhary Ellen Sweeney (sin teach Denis Sweeney anois). Bhí fear tacúil leis agus chuir seisean an t-ancaire agus an slabhra ar a dhroim ach chuaigh na cosa faoi ag teach Pháidí Mhící Eoin, sin darna doras do theach an dochtúra. Thóg Peadar é an darna uair agus níor stad sé go raibh sé thíos i Lag na hUillinne. Mar a deir na sean daoine, ba sin fear tacúil agus láidir.

Deir siad gur fear cliste a bhí i John an Spiaire. Is minic a chuala mé na sean daoine ag rá gur léigh sé an páipéar ar lorg a thaoibh agus go raibh sé maith ag léamh.

Seo Prionnsí agus é leath ólta i rith na haimsire.

# An Bealach 'na Bhaile

Seo thíos pictiúir a glacadh nuair a tháinig déagóirí as Fánaid agus as na Dúnaibh le chéile don tionscadal físealaíne, "An Bealach 'na Bhaile", tionscadal a bhí curtha le chéile ag Artlink i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta. Bhí sraith ceardlann, le healaíontóirí Denzil Browne agus Seán Ó Cuireann, ar siúl sna Dúnaibh, i bhFánaid agus i stiúideo Artlink i mBun Cranncha. Cuireadh taispeántas de chuid oibre na rannpháirtithe i láthair in Ionad Acmhainne Mhíobhaigh i ndiaidh na ceardlainne deireanaí ar 28 Márta.




*Sa phictiúr thuas leis na déagóirí tá Brídín Ní Chearáin (An Ghaeltacht Beo, Fánaid), Declan Sheehan (Artlink), Mícheál Mac Aoidh (Ealaín na Gaeltachta), Denzil Browne agus Seán Ó Cuireann (Artlink) agus Fíona Pasoma (Céim Aniar)*

Micléinn i mbun oibre







An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Urraithe ag
Foras na Gaeilge

Údarás na Gaeltachta

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com